

Seal Faoi Dhraíocht in Árainn

*Déanann Mattie Ó
Niaidh as Rosmuc cur
síos do
Mheta Uí Mháille
ar an am a chaith
sé ag obair ar
Inis Oírr & Inis Mór*

Tá rud eicínt speisialta ag baint le hoileáin nach dtuigfidh tú go gcaithfidh tú tamall ar cheann. Is obair a chas mise go hÁrainn an chéad uair, agus is minic ó shoin atá sé ráite agam go raibh an t-ádh orm mar is tréimhse de mo shaol é ar bhain mé an-sásamh as. Tá cuimhní deasa agam ar an tréimhse a chaith mé ar Inis Oírr agus ar Inis Mór agus ar na daoine breátha ar chuir mé aithne orthu ar na hoileáin sin.


I 1973 cuir Bord Soláthair an Leictreachais foireann againn amach go hInis Oírr ag cur síos pollaí agus cáblaí leictreachais chun soláthar leictreachais a chuir ar na hOileáin. Bhí mé fhéin, Tony O'Brien agus Gabriel Lann ag fanacht Tigh Mhaggie agus Phádraig Cháit Uí Fhátharta. Ba iontach an cócaire í Maggie. Téim ar cuairt i gconaí aici nuair a théim go hInis Oírr. Bhí thart ar sé dhuine dhéag de leaids an oileáin ag obair linn freisin. Ta cuid acu sin imithe anois ach tá a gclann ann agus castar orm iad. Bhíodh muid isteach Tigh Ruaidhrí agus Tigh Ned, ní raibh ann ach an dá phub ag an am. Bhíodh neart ceoil ann, bhíodh tarraingt mhór ag muintir Cho. an Chláir ar Inis Oírr, neart ceoltóirí ina measc. Bhíodh Miko Russell agus a dheartháir isteach go minic. Dhéanadh muid go leor siúil, bhí siúlóid dheas amach go dtí an Teach Solais agus soir go dtí an Plassey. B'í an Plassey an t-údar iontais ba mhó ar an oileán ag an am, bhíodh chuile dhuine ag caint uirthi agus a leagan féin den scéal ag chuile dhuine. Bhí fear eile a bhí ag múineadh sa scoil ansin ar chuir muid an-aithne air, deartháir le Breandán Ó hEithir, bhásaigh seisean óg.

I 1975 chuaigh muid go hInis Mór, áit ar chaith muid an Samhradh ab fhearr a tháinig le cuimhne na ndaoine. Bhí muid ansin ó Aibreán go Lúnasa, Ochtar againn a bhí sa bhfoireann, Mick Grealish, Tony O'Brien agus Martin Ford as Gaillimh, Gabriel Ryan, Cill Ainín, Uachtar Ard, Máirtín Lydon as Maigh Cuilinn agus Cóilín King as an gClochán. Maraíodh Cóilín ar láthair oibre roinnt blianta ina dhiaidh sin. Sé Mick Griffith as Co. Mhuigheo a bhí i gceannas. Chaith an

grúpa againn tamall fada ag obair le chéile i gConamara. Bhí an dá áit cosúil le chéile ar bhealach, an t-aon difríocht a bhí eatarthu ná gur criathrach an chuid is mó de Chonamara agus bhí tú in-ann poll a bhaint domhain. Bhí neart gainimh in áiteacha i nÁrainn freisin a raibh tú in-ann an rud céanna a dhéanamh ach bhí áiteacha eile a raibh polla le cur suas ar leac agus bhí contóirt ag baint leis seo nuair a bhí tú á árdú. Ní raibh tada á choinneáil agus bhí dainséar ann go dtitfeadh nó go sciorrfadh sé.

Is i nÁrainn an chéad áit sa taobh seo tíre a trialadh amach na cosa fada a chuirtear ar phollaí le iad a ghreamú de leac, ach bhí thart ar thrí scór curtha suas againn nuair a tháinig as suas leis an smaoineamh seo. Bhí rud amháin le rá faoi, bhí an áit an-ghlan, ní raibh tú clúdaithe le puiteach trathnóna taréis a bheith ag tochailt poill i rith an lae. Bhí suas le cheithre dhuine dhéag as an oileán ag obair linn, tá cuid acu anois ar shlí na bhfíréan. Níl mé in-ann cuimhniú ar a gcuid ainmneacha ar fad anois ach orthu sin bhí Jackie Gill as Cill Ronáin, Pádraig Nedín as Cill Éinne, bhí beirt eile as Cill Ronáin Mike Flaherty nach maireann agus Taimín Flaherty. Tá Taimín fós i mbarr a shláinte buíochas le Dia. Bhíodh Taimín i Meirceá agus agus bhí aithne mhaith aige ar an dornálaí Mike Flaherty agus ar ndóigh bhíodh scéalta móra aige faoin saol i Meirceá agus rudaí a tharla ann. Bhí Pádraig Hernon as Eoghnacht, Peter Gillen as Fearann an Chiorce agus Beartla Beag Ó Flatharta as Eoghnacht nach maireann, Bertie Millane, Dan Beag, Robbie Gill agus Peadar Hernon. Sé Peadar a bhíodh ag wireáil.

Thiar i bPort Mhuirbhígh a bhí muid ag fanacht ar dtús i dTigh Mhary agus Bertie Hernon. Ina dhiaidh sin fuair muid teach ar cíos i gCill Ronáin. Sé Cóilín Hernon a bhíodh ag déanamh chuile shórt dúinn agus ba mhaith uaidh. Bhí sé i mbun an Chomharchumainn ag an am agus sé a dhéanadh na socraithe ar fad ó thaobh stuif agus ábhar a fháil isteach. Sé Locky Kelly an chéad duine a thug ábhar isteach dúinn ar an tráiléar "An



Oibrithe BSL in Inis Mór sna 70aidí

Concord" as Ros a Mhíl go hInis Oírr. Is as Gaillimh is mó a thagadh an stuif. Bhí bád ag an gcomharchumann ag an am, tá mé ag ceapadh gur an Asco an t-ainm a bhí uirthi. B'iad Tomás Kelly agus Johnny Joyce a bhíodh ag obair uirthi. Bhí fear eile freisin Pat Joe O'Donnell a thugadh pollaí isteach dúinn ar a thráiléar An Escania agus dá mbeadh orainn dul go hInis Oírr sé a thugadh soir muid. Tá sé fhéin básaithe anois. Chuile thrí seachtainí a thagadh muid abhaile. Sí an Queen of Aran a bhí an t-am sin ann, an Queen beag. Sé John the Yank Mullen a bhíodh á rith agus leaid óg eile as Ros a' Mhíl, Rory Ó Conghaile. Corr uair a théadh muid ar an eitleán go Gaillimh. Bhí sí an-bheag, seisear a bhí in-ann dul uirthi. Ní shé an bealach taistil is fearr liomsa inniu ná an uair sin é.

Bhí an obair sách crua, ní raibh na deiseanna ann atá anois ann. Bhíodh tractor le Jarlath Burke againn agus sé Jarlath féin a bhíodh á tiomáint ach ní chuile áit a raibh sí in-ann dul. Bhíodh pollaí le tarraingt achar fada le rópa. Bhí go leor siúil i gceist freisin agus mar a dúirt mé bhí an samhradh an-te agus gan aon chleachtadh againn ar an

gcloch aoil, bhíodh a gcosa lán le léasracha. Rud eile a fuair muid deacair ná ag strapadh na glaíocha ó gharraí go garraí le cáblaí, bhí cuid de na ballaí sin os cionn dhá through dhéag ar airde. Níl claí ar bith i gConamara an airde sin. Bhíodh muid ag obair ón 8.00 ar maidin suas go dtí an 10.00 a chlog trathnóna seacht lá na seachtaine.

Bhí muintir an oileáin an-mhaith dúinn, ní bhíodh ganntann ar bith orainn. Bhí Margaret Gill thar a bheith go maith dúinn. Dhéanadh sí cácaí arán donn agus cacaí currants dúinn, thugadh sí aniar ag an teach iad trathnóna chomh maith le bainne. Bhí leaid eile ansin a bhí iontach dúinn, mac le Maoile Mór, Maoile Beag, go deimhin bhí chuile Mhaoile acu go maith dúinn. Thugadh sé iasc úr againn glanta agus chuile shórt réidh le cur ar an bpan. Fuair an fear bocht bás go hóg. Bhí bean eile i gCill Ronáin, máthair Mhichael Gill, bhí siopa beag aici. Bhíodh muid isteach ann ar maidin ag ceannacht briosaí le haghaidh an tae, ní fhios cé na buns a dhéanadh sí dúinn. Bhí muid ag fáil chuile aire. Caithfidh mé rá go bhfuair muid chuile dhuine an-éasca le déileáil leo. B'fhéidir go raibh buntáiste agamsa mar go raibh Gaeilge agam, ní shin le rá nach raibh neart Béarla ag muintir an oileáin ach i gcás mar shampla, an té a tháinig amach as Gaillimh chun an áit a pheigáil le haghaidh pollaí, b'fhéidir gur amach ós comhair doras tí dhuine eicínt a bheadh ceann acu seo curtha, áit nach raibh an té sin ag iarraidh é bheith. Thuig muid ó bheith ag obair i gceantair tuaithe go raibh sé tábhachtach muintir na háite a shásamh agus bhí sé i bhfad níos éasca a theacht ar shocrú nuair a bhí tú in-ann labhairt le daoine ina dteanga féin. Is minic a d'athraigh muid polla ón áit a raibh sé ceapaithe dhul agus is muid fhéin a thóg an cinneadh sin, ní dhearna muid aon teangmháil le oifig BSL le cead a fháil. Is ag muintir na háite féin is fearr a bhí fhios an áit ab fheiliúnaí.

Ní raibh mórán siopaí ar an oileán, bhí Tigh Phóil an áit a bhfuil an t-ollmhargadh anois, bhí siopa ag



Mattie & Eddie McDonagh,
Trá Chill Mhuirbhí 1979 - 06.00 r.n.
Ní ar a mbealach ag obair é!

Micheál Gill agus ag a mháthair, bhí cupla siopa eile siar i mBun Gabhla agus i nEoghnacht. Thagadh búistéir isteach uair sa tseachtain ach bhíodh muintir an oileáin féin ag marú caorach agus bhíodh chuile shórt fataí agus glasraí curtha acu. Ní raibh said ag brath ar an siopa. Sin é an t-athrú mór i

chuile cheantar tuaithe anois, ní thuigfeadh gasúr anois go raibh lá ann nach raibh rudaí ar nós bainne ná feoil úr le fáil le ceannacht chor ar bith.

Mar a dúirt mé chuile thrí seachtainí a théadh muid abhaile. Bhí beirt ghasúr óg agamsa agus i rith an tsamhraidh sin is minic a thagadh mo bhean Mairéad agus na gasúir, Muireann agus Aengus isteach le haghaidh cúpla lá. Bhí muid lá ag dul amach ar *An Queen* agus bhí Johnny Chóil Mhaidhc uirthi agus é sínte siar ina chodladh. Bhí Aengus ag imeacht thart agus is dóigh ag piocadh ar Johnny "Cé leis an gasúr?" a d'fhiafraigh Johnny dom féin.

"Liomsa"

"Cén t-ainm atá air?"

"Aengus"

"Bhuel, a mhaicín" a deir Johnny

"nuair phósfas mise agus an chéad mhac a bheas agam tabharfaidh mé Aengus freisin air!"

Ar ndóigh cé go mbíodh muid ag obair deireanach bhíodh am againn le haghaidh cupla pionta. Bhíodh muid isteach Tigh Daly, teach ceann tuí, bhí sé an-deas. Beirt deirfiúr, Bríd agus Molly a bhí á rith. Ní osclaíodh na pubanna an t-am sin go thrathnóna, ach thugadh Bríd an eochair dom féin agus do Chóilín King nó bheadh sí fágtha faoi chloch i bhfolach aici dúinn dá dteastaíodh deoch uainn agus is minic a theastaigh. Diabhal blas ach dul isteach agus pionta a tharraingt agus nuair a bheadh tú réidh an eochair a chuir arais san áit céanna

arís. Bhíodh go leor de mhuintir na háite isteach sna pubanna agus chuir muid aithne orthu, cainteoirí breátha, Mattie Gill, Joe Kelly, Brian Fitz agus go leor eile. Bhí aithne mhaith acu ar mhuintir Chonamara - Mártan agus Pádraig Mhicil, Pádraig agus Dudley Ghriallais, Maitias Ó Máille agus Tommy agus daoine eile as ceantar Rosmuc. Ar an mbealach céanna bhíodh athair Mhairéad, Tommy ag caint go minic ar mhuintir Áran agus ar Tom agus Brian Fitz go mór mór. Dá bharr sin b'fhacthas domsa go raibh aithne agam ar na daoine seo sul má casadh orm ariamh iad. Fuair mé an-éasca é aithne a chuir orthu agus níor caitheadh aon spalladh liom ariamh faoi aon spairteach.

Sé Tom agus a bhean Bríd a bhí i mbun tí ósta Tigh Fitz an t-am sin. Sé Brian Fitz a bhíodh i mbun Oifig an Phoist i gCill Éinne. Bhí bosca fón taobh amuigh ach bhíodh sé i gconaí gnóthach ag Gaeilgeoirí ag glaoch abhaile. Bhíodh gach glaoch le cur ar aghaidh ag an máistir poist ag an am sin. Is minic a deireadh Brian liom gan a bheith ag fanacht taobh amuigh ag an mbosca ach a theacht isteach agus go gcuirfeadh sé tríd mé "mar beidh tusa ag iarraidh teagmháil a dhéanamh leis an mbaile" a deireadh sé. Bhí bean eile a raibh conaí uirthi i dteach deas ceann tuí ós cionn Reilig na Seacht d'Teampall a gcaithfeadh muid píosáí móra ag caint léi, Maggie Derrane a bhí uirthi. Bhí sí sa scannán "Man of Aran".

Théadh muid ag an gcéilí corr thrathnóna Domhnach. Ba mhór an spóirt a bheith ag breathnú ar na hÁrannaigh ag damhsa, bhí an stíl a bhí acu difriúil den stíl a bhí againn i gConamara. Is cuimhin liom go maith Máirtín Jamesie agus Michaelín McDonagh agus duine de na Flathartaigh as Gort na gCapall, bhíodar iontach ag damhsa. Bhíodh muid ag imirt peile freisin, bhí foireann peile ar an oileán ag an am agus tá mé ag ceapadh gur leis na Píarsaigh a bhí a gcéad chluiche acu. Cé go mbíodh cuid mhaith turasóirí ag triall ar na h-oileáin ag an am, ní raibh sé tada mar atá anois. Cheapainn gur iascaireacht an tionscail ba mhó ar an

oileán ag an am. Bhí chuile dhuine ag plé leis agus go mór mhór le linn séasúr na mbradáin. Bhí bradáin chomh fairsing le féar ag an am. Bhí monarcha cniotála ar an gceann thiar don oileán ina mbíodh cailíní an oileáin ag obair ann.

Bhí mé maidin Luain ag dul isteach ar an mbád, bhí an mhaidin go breá. Nuair a bhí muid ag teannadh gar do Chill Rónáin, bhí na cuaillí arda dubha seo le feiceáil i chuile áit i bhfad amhrac uait ar fud an oileáin. "Dia dhá réiteach" a deirimse "tá an t-oileán millte againn!"

"Tá draíocht cinnte ag baint le Oileáin. Ag breathnú siar air ceapaim go raibh muid faoi dhraíocht an samhradh sin ar aon nós."

Bhí mé istigh arís i 1979, bhí leaid eile as Maigh Cuilinn Eddie McDonagh in éineacht linn an uair seo. Bhí muid ag ceangal tithe nua leis an gcóras. An difríocht mhór a chonaic mé idir 1975 - 1979 ná an fhorbairt a tháinig san achar sin, an méid tithe nua a bhí dhá dtógáil ar an oileán, tá súil agam gur chuidigh muid ar bhealach beag eicint leis an bhforbairt sin. Bhí Tigh Daly dúnta ag an tráth seo agus sí Penny Fitz, duine den chlann iníon a bhí i mbun Tigh Fitz agus bhí oícheanta maithe againn ann. Is iomaí oíche ó shoin atá caite Tigh Fitz agam le Margaret agus Jackie Gill.

Tá draíocht cinnte ag baint le Oileáin. Ag breathnú siar air ceapaim go raibh muid faoi dhraíocht an samhradh sin ar aon nós. Ag fágáil Tigh Chreig agus ag siúl siar trasna trá Chill Mhuirbhígh oíche bhreá samhraidh le solas gealaí, ní raibh aon áit ar domhan mar é. Seal é a raibh muid faoi dhraíocht go cinnte!



Óstán Árann

Aran Islands Hotel

*Ciúdas gan Uaigneas
relax... & unwind*



Tish Fitz

★★★ Guesthouse Bar & Lounge



ROOMS EN SUITE • T.V. • TEA & COFFEE FACILITIES
D.D. • HAIR DRYER

099-61213